

Cód Iompraíochta Ghaelscoil Lorgan

Réasúnaíocht

I nGaelscoil Lorgan, táimid ag iarraidh seans a thabhairt d'achan pháiste forbairt iomlán a dhéanamh ó thaobh oideachais agus forbairt phearsanta de. Táimid ag iarraidh timpeallacht spreagúil agus sábhailte a chur ar fáil d'achan pháiste ionas go mbeadh seans acu a seacht ndícheall a dhéanamh.

Forbraíodh an beartas seo de réir mhisean ár scoile a bhfuil aire don dalta ina chroílár. Féachann an scoil le timpeallacht shlán shábháilte foghlama a chur ar fáil chun ár ndaltaí a fhobairt. Tá Cód Iompraíochta na scoile bunaithe ar mheas ort féin, ar dhaoine eile agus ar an timpeallacht s'againn, ionas go mbíonn atmaisféar dearfach agus comhoibritheach scoile ann.

Aidhmeanna

Ba mhaith linn i nGaelscoil Lorgan:

- Cinntiú go gcuirtear timpeallacht oideachasúil ar fáil atá treoraithe ag ár ráiteas físe
- Cur ar chumas na scoile feidhmiú ar bhealach ordúil ionas gur féidir le leanaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbartha
- Atmaisféar a chruthú ina bhfuil meas agus tuiscint ar a chéile agus ina nglactar le daoine
- Iompar dearfach agus féinsmacht a chothú, ag tabhairt airde ar na difríochtaí idir leanaí agus an gá le freastal ar na difríochtaí sin
- Sábháilteacht agus dea-bhraistint gach ball den phobal scoile a chinntiú
- Cuidiú le tuismitheoirí agus daltaí tuiscint a fháil ar na córais agus na nósanna imeachta atá mar chuid den chód iagus a gcomhoibriú a lorg agus na nósanna imeachta á gcur i bhfeidhm
- Cinntiú go gcuirtear an córas rialacha, duaiseanna agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhleanúnach ar fud na scoil.

Róil agus Freagrachtaí

Cruthaíonn gach duine sa scoil aeráid agus atmaisféar na scoile. Aithníonn an scoil againn ionchur gach baill de phobal na scoile. Tá freagracht ar gach ball dea-iompar a chur chun cinn agus tá ról acu bheith ag cur le caidrimh dhearfacha measa agus muiníne. Tá an scoil ag súil leis go ndéanfaidh daltaí a ndícheall i gcónaí tacú le cód iompraíochta na scoile.

An Bord Bainistíochta

Tá an Bord Bainistíochta agus an Príomhoide freagrach as chur chuige uile scoile a bheith ag Gaelscoil Lorgan maidir le iompar. Déanann muid iarracht iompar dearfach a chur chun cinn. Tá ról ag na tuismitheoirí, múinteoirí agus na paistí comhoibriú le chéile chun iompar dearfach a chruthú sa scoil. Tá freagracht ar leith ag an Bhord Bainistíochta as éiteas na scoile a chur i gcrích. Beidh ról lárnach ag an mBord sa phróiseas lena bhféachfar ar na cineálacha caidreamh agus iompair a léireoidh an t-éiteas sin. Beidh sé mar aidhm ag an bhord iompar dearfach a chothú agus a chur chun cinn. Tá an Bord Bainistíochta ag súil le:

- Dea-iompar ó dhaltaí agus go léireoidh gach dalta tuiscint ar leanaí agus ar dhaoine eile

- Go léireoidh gach dalta meas ar mhaoin na scoile, maoin leanaí eile agus ar a maoin féin.
- Go bhfreastalóidh gach dalta ar scoil ar bhonn rialta agus go mbeidh siad ann in am
- Go ndéanfaidh gach dalta a d(h)ícheall ar scoil agus san obair bhaile.

Múinteoirí

Is mór an tionchar a imríonn cáilíocht an chaidrimh idir mhúinteoirí agus daltaí ar iompraíocht sa scoil. Cothaíonn an cód caidrimh iontaoibh idir mhúinteoirí agus daltaí. Aithníonn an scoil ról múinteoirí i bhforbairt agus i bhfeidhmiú an Chóid Iompraíochta. Aithníonn an scoil gurb é réimse an teagaisc agus na foghlama príomhfhócas an mhúinteora, ach go mbíonn ról fíorthábhachtach acu i dtaca le bainistíocht iompair. Is croí-eilimint de chuid na scoile an ról lárnach sin.

Tuismitheoirí

Cuirtear an Polasaí Iompraíochta ar faáil do thuismitheoirí. Tuigfidh na thuismitheoirí go bhfuil béim ar dea-iompar sa scoil nuair a fheiceann siad rialacha scríofa agus iad curtha i bhfeidhm sa scoil. Táimid ag iarriadh go mbeadh páirt lárnach ag na thuismitheoirí an dea-iompar agus an moladh a chur chun cinn. Iarrtar orthu:

- Cinntiú go mbíonn leanaí ag freastal ar scoil go rialta agus a bheith in am
- Na leanaí a spreagadh chun a ndícheaill a dhéanamh agus a bheith freagracht as a gcuid oibre.
- Eolas a bheith acu faoi rialacha, faoi chóras duaiseanna agus smachtbhannaí na scoile agus comhoibriú le sin.
- Freastal ar chruinnithe ag an scoil má iarrtar orthu
- Cuidiú le leanaí an obair bhaile a dhéanamh agus cinntiú go bhfuil sí tugtha chun críche acu.
- Cinntiú go mbíonn na leabhair agus na hábhair riachtanacha don scoil ag leanaí

Rialacha Scoile

Cuireann rialacha Ghaelscoil Lorgan síos i dtéarmaí simplí ar an dóigh le tú féin a iompar chun foghlaim go maith agus chun forbairt i do dhuine. Is iomaí duine a oibríonn le chéile sa scoil againn gach lá agus mar sin de tá gá le hardleibhéal cúirtéise agus meas ar dhaoine eile. Ní féidir glacadh le hiompar atá dímhúinte, contúirteach nó a chuireann isteach ar dhaoine. Tá ár gCód bunaithe ar an dalta a aithint mar dhuine aonair agus go fóill cruthaítear atmaisféar ina gcosnaítear leas an uile dhuine. Baineann na rialacha atá sa chód iompair le páistí atá faoi chúram na scoile agus iad ar thuras scoile nó ag déanamh imeachtaí iarscoile.

Táimid ag súil leis:

1. Go dtiocfaidh na páistí ar scoil gach lá agus go mbeidh siad ann in am
2. Go mbeidh meas ag na páistí ar dhaoine agus ar mhaoin dhaoine eile
3. Go ndéanfaidh na páistí a ndícheall sa seomra ranga agus lena gcuid obair baile
4. Go dtig na páistí isteach gach lá ullmhaithe mar is ceart do lá atá rompu.
5. Go n-iompróidh na páistí iad féin mar is cuí thart faoin scoil

1). Go dtagann daltaí ar scoil gach lá agus go mbeidh siad in am.

Ciallaíonn sin:

- Go mbíonn tú sa scoil ar 8:50 am go laethúil ar an chuid is moille.
- Go dtagann tú ar scoil gach aon lá ach amháin murar féidir leat ar chor ar bith.
- Go dtugann tú nóta ó do thuismitheoir/caomhnóir isteach chuig do mhúinteoir má chailleann tú lá scoile ar an lá a thagann tú ar ais.
- Go mbaileoidh tuismitheoir/caomhnóir tú ar scoil má bhíonn tú tinn i rith an lae agus go gcaithfidh tú imeacht.
- Go n-iompraíonn tú tú féin go maith ar an bhealach chuig agus ón scoil.

mar:

- Is deacair am a chailtear a thabhairt isteach arís.
- Caithfidh fios a bheith ag ag an scoil cén fáth a mbeifeá as láthair.
- Bíonn daoine ag súil le míniúchán cúirtéiseach má bhíonn tú mall.
- Tá údarás agus freagracht ag an scoil ort ar do bhealach go dtí agus abhaile ón scoil.

2) Go mbíonn meas ag na páistí ar dhaoine agus ar mhaoin dhaoine eile

Ciallaíonn sin:

- Go mbíonn tú cuidiúil agus go gcaitheann tú go béasach measúil le daltaí eile, leis an fhoireann scoile agus leis na cuairteoirí uilig a thagann chun na scoile.
- Go mbíonn meas agat ar threoracha do mhúinteoirí agus na foirne scoile.
- Nach dtéann tú a bhulaíocht daltaí eile ó bhéal ná go fisiceach.
- Gur chóir duit siúl go hordúil ar fud na scoile agus go háirithe sna dorchaí.
- Nach n-úsáidfidh tú teanga atá ionsaitheach ná maslach.
- Go mbainfidh tú úsáid as na cannaí bruscair sna seomraí ranga, sna háiteanna comónta agus i gclós na scoile.
- Go mbíonn meas agat ar shealúchas na scoile agus ar shealúchas daoine eile.

mar:

- Tá daltaí eile i dteideal dea-bhéasa agus meas bheith orthu, do dhalta féin
- Tá do mheas agus do chomhoibriú ag dul do mhúinteoirí
- Is cúis eagla, ghortaithe agus imní í an bhulaíocht.
- Is féidir le tasmí nó gortuithe tarlú de bharr iompair ghairbh.
- Léiríonn caint mhaslach ionsaitheach dímeas agus goilleann sé ar dhaoine.
- Tá sé de fhreagracht ar gach duine timpeallacht na scoile a choinneáil slán ó bhruscar.
- Bheifeá ag iarraidh go dtabharfadh daoine an meas céanna do do chuid rudaí féin.

3) Go ndéanann na páistí a ndícheall sa seomra ranga agus lena gcuid obair bhaile.

Ciallaíonn sin:

- Go n-éistean tú sna seomraí ranga le do mhúinteoir.
- Nach mbíonn tú ag cur isteach ar cheachtanna.
- Go suíonn tú le ceithre chos do chathaoireach ar an urlár an t-am ar fad.
- Go ndéanann tú do chuid obair baile gach oíche, idir obair scríofa agus obair ó bhéal, agus go mbíonn an caighdeán oibre inghlactha.
- Go gcoinníonn tú do sheomra ranga néata.

mar:

- Tá an múinteoir ag iarraidh cuidiú leat.
- Tá sé míchothrom ar dhaoine eile sa rang atá ag iarraidh foghlaim má bhíonn tusa ag cur isteach orthu.
- Is obair chúltaca é an obair baile ar obair a rinneadh sa seomra ranga.
- Is den tábhacht é go nglacaimid freagracht as glanadh inár ndiaidh féin.

4) Go dtig na páistí ar scoil ullmhaithe mar is ceart don lá atá rompu

Ciallaíonn sin:

- Go mbíonn na pinn, na leabhair, na cóipleabhair chearta srl. leat sa seomra ranga.
- Go dtugann tú isteach leat aon ábhar/trealamh speisialta a bhíonn de dhíth don cheacht atá tú a dhéanamh.
- Ba chóir gach mála agus leabhar bheith slán ó aon ghraifítí.
- Go mbeidh tú féin freagrach as do chuid rudaí féin a choinneáil slán.

mar:

- Is cur amú ama é go díreach mura mbíonn do chuid leabhar, peann srl. leat.
- Tá sé dodhéanta an obair a dhéanamh nuair nach mbíonn an t-ábhar /trealamh leat a bhíonn de dhíth.
- Is féidir le graifítí bheith maslach ionsaitheach.
- Má bhíonn daltaí slachtmhar cuidíonn sé leo bheith eagraithe.

5) Go n-iompraíonn tú tú féin mar is ceart ar fud na scoile.

Ciallaíonn sin:

- Go labhraíonn tú Gaeilge i rith an ama ar scoil, i gclós na scoile, ar thuras nó ag aon imeacht eile a bhaineann leis an scoil.
- Go bhfanann tú go ciúin le do mhúinteoir agus tú ag seasamh i líne dhíreach lasmuigh den seomra ranga.
- Go siúlann tú ar na pasáistí, nach mbíonn iompar crosta nó garbh ar siúl agat le scoláirí eile agus go seachnaíonn tú iompar callánach agus tríoblóideach.
- Go nglacann tú do smaile/lóin sa dóigh agus san áit atá ceadaithe agus go n-éisteanntú tú leis an mhúinteoir a bhíonn ar dualgas.
- Nach mbriseann tú, nach loiteann tú ná nach ndéanann tú aon dochar do mhaoin nó do threalamh na scoile.
- Go dtuairiscíonn tú ar ais do mhúinteoir é má thugann tú faoi deara aon ghraifítí nó aon dochar bheith déanta ar shealúchas na scoile.
- Nach gceadaítear guma coganta sa scoil ná sa chlós.
- Go bhfágann tú gach trealamh leictreonach sa bhaile.

mar:

- Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide agus meán teagaisc na scoile amr is Gaelscoil muid.
- Cuidíonn iompar sásúil linn an scoil a reáchtáil go maith.
- Cuidíonn am agus áit faoi leith le haghaidh béilí a ithe leis an scoil a choinneáil glan agus pléisiúrtha.

- Bíonn sé níos sábháilte nuair a chloítear le rialacha ag am sosa agus, nuair a leantar treoracha múinteoirí, cuidíonn sin le maoirsiú ar fud na scoile.
- Caithfidh daoine eile maoin na scoile a úsáid agus bíonn deisiúcháin /athsholáthair costasach.
- Tá gach duine freagrach as bheith ag cuidiú le timpeallacht na scoile a choinneáil taitneamhach.
- Scriosann guma coganta an t-urlár, an troscán agus an tarmac ar fud na scoile
- Is cur isteach ar an scoil é má úsáidtear gutháin phóca nó aon trealamh leictreonach eile le linn am scoile.

Cur i bhfeidhm na rialacha

- Beidh rialacha cinnte á gcrochadh i ngach seomra ranga. Cuideoidh seo le múinteoirí nua/iondaithe tuiscint a fháil ar an pholasáí seo.
- Nuair a bheidh leanaí le deacrachtaí iompair mar thoradh ar na riachtanais speisialta oideachais acu, bainfidh an scoil úsáid as Plean Oideachais Aonair le spriocanna cinnte maidir le hiompar an pháiste sin.
- Úsáidtear curaclam OSPA na scoile chun tacaíocht a thabhairt don chód iompair. An aidhm atá aige ná cabhrú lenár leanaí scileanna cumarsáide, bealaí cuí idirghníomhaíochta agus iompair agus scileanna um réiteach coinbhleachtaí a fhorbairt.
- Beidh na cláracha Bí Sábháilte, atá mar chuid den churaclam OSPA ar siúl ar fud na scoile ag an am chéanna gach aon bhliain.
- Déanfar riail amháin a phlé gach seachtain ag an tionól. Déanann múinteoirí cinnte go dtuigeann daltaí an t-iompar a éilítear orthu agus cuirtear é sin i gcuimhne dóibh go minic.
- Beidh Córas soiléir chun aitheantas a thabhairt don dea-iompar agus chun duais a thabhairt mar thoradh air, agus chun smachtbhannaí a chur i bhfeidhm mar fhreagra ar dhrochiompar.
- Bainfidh na múinteoirí úsáid as teicnící bainistíochta seomra ranga chun cinntiú go mbaintear úsáid as gníomhaíochtaí agus modheolaíochtaí éagsúla chun suim agus inspreagadh na ndaltaí a chothú.

Cur i bhfeidhm na rialacha sa chlós

- Bíonn cúram féitheoireacht ag beirt mhúinteoir ag am sosa agus ag am lóin.
- Beidh dhá chlós ar fáil, ceann do na Naíonáin-R.2 agus ceann eile do na h-ard ranganna
- Múinfear cluichí chlóis chun ghaeilge a úsáid agus dea-iompar a chruthú.
- Ar laethanta fliuche beidh na páistí thuas staighre faoi cúram an mhúinteoir atá ar diúite áit go mbíonn deis ag na páistí súgradh.
- Tógann an múinteoir ranga a rang fhéin go dtí an clós (agus ón clós).
- Bíonn deis ag na páistí dul chuig an leithris sula bhfágann siad an seomra ranga. Más gá siúlann páiste níos sine isteach leis nó léi agus baineann sé/sí úsáid as an leithreas thíos staighre nuair atá an pháiste níos sine ag doras an seomra ranga.
- Má bhíonn drochiompar sa chlós déantar clarú ar sa leabhar teagmhais, tugtar tuairisc don mhúinteoir ranga agus leantar céimeanna na smachtbhannaí cuí.

Luaíochtaí

I nGaelscoil Lorgan úsáideann múinteoirí na modhanna seo a leanas chun a seasamh leis an chód iompraíochta a chúiteamh le daltaí:

- An dalta a mholadh ó bhéal go príobháideach
- Ráiteas dearfach i leith an dalta a thabhairt don Phríomhoide nó don Phríomhoide Tánaisteach.
- An dalta mholadh ó bhéal ag an tionól
- Ról ceannaireachta a thabhairt do dhaltaí
- Nóta gairid, dearfach nó scairt ghutháin chuig tuismitheoirí
- Suaitheantas ‘Dalta na Seachtaine’
- Greamaitheoirí a thabhairt amach sa rang.
- Éachtaí curaclaim/seach-churaclaim a chur ar taispeánt ar na cláir fógraí sna seomraí ranga agus sna dorchlaí.
- Obair dhalta a chur ar taispeánt ar fud na scoile
- Éachtaí curaclaim/seach-churaclaim a aibhsiú i nuachtlitir na scoile.
- Éachtaí curaclaim/seach-churaclaim a aibhsiú i nuachtán áitiúil

Sainmhínte d’iompar míchuí

Mion drochiompar: Ag cur isteach ar obair ranga, ag teacht déanach ar scoil go rialta, ag fágáil bruscair mórthimpeall, gan obair bhaile a críochnú (gan litir ón baile), ag insint bréag, ag rith i bhfoirgnimh na scoile, gan an Ghaeilge a labhairt i rith an lae ar scoil (agus an teanga acu).

Mór drochiompar: Ag goid, ag déanamh slad dámaiste, drochtheanga nó teanga míchuí a úsáid. Ag insint bréag go rialta, aisfhreagairt do mhúinteoir, bheith drochbhéasach, ag cur isteach de shíor ar obair ranga, an scoil a fhágáil gan aon chéad

Drochiompar fiorthromchúiseach: Gortú d’aon ghnó a dhéanamh ar aon duine, trealamh na scoile a chur trí thine. Sconnaí nó Píobáin srl. a fhágáil ar siúl d’aonghnó. Iompar fíochmhar, bagrach nó foréigeanach i léith aon duine eile sa scoil, bulaíocht, , arm a thabhairt ar scoil Beidh céimeanna á leanúint ag na múinteoirí agus iad ag freagairt do mhí-iompar. Beidh córas bainistiú ranga faoi leith ag gach múinteoir ach leanfaidh múinteoirí na céimeanna seo:

Straitéisí agus Smachtbhannaí chun plé le hiompar míchuí

Seo a leanas straitéisí Ghaelscoil Lorgan chun plé le hiompar míchuí

- Labhairt go réasúnta leis an pháiste.
- Folaireamh ó bhéal
- Scaradh sealadach sa rang nó sa chlós (Sos ama a thabhairt don pháiste).

Mion drochiompar leanúnach (Leanfar 1-3 thuas agus ..)

- An príomhoide a chur ar an eolas mar gheall ar an mí-iompar.
- Nóta sa leabhar obair bhaile nó litir le bheith sínithe ag tuismitheoirí.
- Obair bhreise a thabhairt agus le bheith sínithe.

- Cumarsáid ó bhéal leis na tuismitheoirí. Tuairisc scríofa a choinneáil ag an mhúinteoir ar mhí-iompar rialta.

Tosnaíonn na smachtbhannaí ag céim a ceathair do mór drochiompar.

- Cruinniú idir an múinteoir ranga agus na tuismitheoirí (príomhoide ann más gá).

Drochiompar tomchúiseach

- Smachtbhannaí níos dairíre. Bord Bainistíochta ar an eolas (fionraíocht)

Rannpháirtíocht Tuismitheoirí i mbainistiú an drochiompair

Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas ag céim a cúig. Is é/ í an múinteoir ranga a dhéanann seo. Nuair a thagann tuismitheoir chun na scoile cuirtear ar an eolas iad mar gheall ar an mhí-iompar (an tuairisc scríofa) agus déantar plé leo ar an slí is fearr le iompar an pháiste a fheabhsú.

Is cur chuige comhoibritheach a bhíonn i gceist. Bíonn an príomhoide i láthair más gá. Déantar cinneadh cumarsáid rialta a choinneáil leis na tuismitheoirí chun iompar an pháiste a mheas. Má bhíonn tuismitheoir inníoch, bíonn fáilte dul i dteagmháil leis an scoil.

Iompar ionsaitheach nó foréigneach a bhainistiú

Baintear úsáid as na straitéisí thíos chun déileáil le fadhbanna dairíre mothúchánacha agus iompair

- Leanaí atá suaite go mothúnach a chur láithreach le haghaidh measúnú síceolaíoch.
- Lorgófar tacaíocht chúí ó na seirbhísí atá ar fáil

Má chúisíonn iompar foréigneach nó bagrach riosca don dalta féin nó do shábháilteacht na ndaltaí eile nó na foirne, cuirfear fios laithreach ar na tuismitheoirí (céim a hocht).

Fionraí / Díbirt

Tá sé mar aidhm ag Gaelscoil Lorgan nach nbeadh páiste curtha ar fionraí ach uaireanta bíonn gá leis. Má thagann sé go póinte go mbeidh orainn páiste a chur ar fionraí, beidh cruinniú againn leis na tuismitheoirí agus bainfidh muid úsáid as na póintí thíosluaite mar threoir i gcomhpháirt leis na tuismitheoirí. Tabharfar an deis do thuismitheoirí agus don mhac léinn freagra a thabhairt sula nglactar cinneadh nó sula ngearrtar smachtbhanna.

Is deis mhaith cruinniú a bheith ann leis an pháiste agus leis na tuismitheoirí ionas gur féidir leo a scéal a insint agus ceisteanna a chur faoin fhianaise gur tharla mí-iompar, go háirithe nuair atá díospóid ann faoi na fíricí. Chomh maith leis sin, féadfaidh sé a bheith ina dheis do na tuismitheoirí a gcás a chur i láthair maidir leis an gcaoi is fearr dul i ngleic le hiompar an pháiste. Mura bhfreastalaíonn tuismitheoirí ar chruinnithe cuirfear ar an eolas iad go bhfuil dualgas ar údarais na scoile cinneadh a ghlacadh pleé le hiompar diúltach. Coinneoidh an scoil taifead de na cuirí a seoladh chuig na tuismitheoirí agus na freagraí a fuarthas uathu.

Taifead Chásanna Mhí-iompair

Coinneoidh Gaelscoil Lorgan taifead scríofa de na heachtraí agus de na hocáidí a sáraíodh an cód iompair de réir mar is gá mar seo a leanas:

- Cur síos beacht ar an iompar
- Cé chomh dianseasmhach is a bhí an t-iompar do-ghlactha?
- An bhfuil fadhbanna iompair éirithe níos measa, in ainneoin na n-iarrachtaí idirghabhála?
- Cad iad na cúinsí inar tharla na heachtraí mí-iompair thromchúisigh
- Cad iad na tarluithe a d'fhéadfadh mí-iompar tromchúiseach a chur sa siúl?
- Cad is aois don pháiste, cén staid forbartha ag a bhfuil sé/sí, cén cumas cognaíoch atá aige/aici?
- An bhfuil cúiseanna ar bith atá ar eolas a bhféadfadh baint a bheith acu leis an iompar?
- Cad é mar a théann iompar an pháiste i bhfeidhm ar mhic léinn agus ar fhoireann na scoile?
- Cén tionchar atá ag an iompar ar theagasc agus ar fhoghlaim sa rang?
- An bhfuil tionchar áirithe nó níos mó ag an iompar ar pháistí agus ar mhúinteoirí ar leith?
- An dtuigeann an páiste tionchar a (h)iompair ar dhaoine eile?
- Cad iad na hiarrachtaí idirghabhála a rinneadh? Cén tréimhse a bhí i gceist?
- Cad é mar a rinneadh monatóireacht agus taifeadadh ar idirghabháil?
- Cad iad torthaí na hidirghabhála seo?
- An raibh na tuismitheoirí bainteach le réiteach a fháil ar an iompar fabhtach?
- Ar iarradh idirghabháil SNCO (NEPS) nó aon mheasúnú nó chomhairleoireacht shíceolaíochta, nuair b'iomchuí
- An bhfuil aon idirghabhálacha eile ar fáil amhail piara-eadráin, cineálacha cur chuige ceartais aisríoch nó teaghlach-chomhdháil?
- An bhfuil an pháiste nó an tuismitheoir bainteach le haon seirbhís tacaíochta agus ar iarradh ar an ngníomhaireacht nó ar an tseirbhís tacaíochta seo le haghaidh cúnaimh chun an fhadhb seo a réiteach?
- Ar lorgaíodh cúnaimh ar aon ghníomhaireacht eile?
- An bhfuil fionraí tuillte ag an pháiste de bharr an iompair?
- An bhfuil an caighdeán atá in úsáid chun an t-iompar a mheas mar an gcéanna leis an gcaighdeán atá in úsáid chun iompar aon pháiste eile a mheas?
- An gceadóidh an fhionraí d'idirghabhálacha breise nó malartacha?
- An gcuideoidh an fhionraí leis an pháiste a (h)iompar míchuí a athrú?
- Cén chaoi a gcabhróidh an fhionraí le múinteoirí nó le páistí eile a ndeachaigh an t-iompar i bhfeidhm orthu?
- An rachaidh aon leochaileacht oideachais sa pháiste in olcas de bharr na fionraí?

Thiocfadh le tréimhse roinnt laethanta a bheith i gceist leis an fhionraí. Ní foláir don Phríomhoide fógra i scríbhinn a thabhairt do na tuismitheoirí agus don mhac léinn maidir leis an chinneadh é/í a chur ar fionraí. Scríobhfar an litir i stíl ar féidir leis na tuismitheoirí í a thuiscint. Caithfidh an litir na nithe seo a leanas a dhearbhú:

- Tréimhse na fionraí agus na dátaí ar a dtosóidh agus ar a gcríochnóidh an fhionraí
- Fáthanna na fionraí.
- Clár staidéir ar bith le leanúint

- Socruithe ar fhilleadh ar scoil, agus gealltanais ar bith a gcaithfidh an mac léinn agus na tuismitheoirí a thabhairt
- Foráil achomhairc don Bhord Bainistíochta

Achomharc in eadán Fionraíochta

Tabharfaidh an Bord Bainistíochta deis do thuismitheoirí achomharc a dhéanamh go dtí an Bord ar chinneadh Príomhoide páiste a chur ar fionraí do thréimhse ghairid.

An páiste a ath-imeascadh i ndiaidh fionraí

Beidh plean ag an scoil le cuidiú leis an pháiste ath-imeascadh ina rang agus chun tarraingt suas le hobair scoile a chaill sé. Cuideoidh an plean seo a chinntiú nach gcuirfidh fionraí leis an teip acadúil. Tabharfar tacaíocht don pháiste freagracht a ghlacadh as breith suas leis an obair acadúil. Ní obair acadúil amháin atá i gceist leis an ath-imeascadh. D'fhéadfadh an páiste a bhrath feargach nó doicheallach i leith na fionraí, agus is féidir leis na mothúcháin seo tús a chur le fadhbanna le hath-imeascadh agus leanúint le fadhbanna. Tabharfaidh ball foirne tacaíocht thabhairt don pháiste le linn phróiseas an ath-imeasctha.

Nuair a chuirtear deireadh le smachtbhanna ar bith, fionraí san áireamh, tabharfar deis don pháiste tosú as an nua. Cé go gcaithfear taifead a choinneáil ar an iompar agus ar smachtbhanna ar bith a cuireadh i bhfeidhm, a luaithe is a chuirtear deireadh leis an smachtbhanna, beidh na hionchais chéanna ag ans coil maidir leis an pháiste seo agus atá aici maidir le gach dalta eile i dtaca le hiompar.

Díbirt

- (1.1) Tá an t-údarás ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan dalta a dhíbirt.
- (1.2) Dearbhaíonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan go gcaithfear céimeanna suntasacha a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an mhí-iompar ar dtús chun díbirt a sheachaint. Áirítear i measc a leithéidí sin de bhearta:
 - Ag bualadh le tuismitheoirí agus le daltaí féachaint le modhanna a aimsiú chun cuidiú leis an dalta a chuid iompair a athrú.
 - Ag déanamh cinnte de go dtuigeann an dalta iarmhairtí féideartha a chuid iompair má leanann sé ar aghaidh.
 - Ag cinntiú gur triaileadh gach rogha fhéideartha eile.
 - Ag lorg cúnamh ó na háisíneachtaí tacaíochta cuí.
- (1.3) Éilíonn moladh chun dalta a dhíbirt údair thromchúiseacha dá leithéid seo:
 - Is cúis mhór chur isteach leanúnach é iompar an dalta ar fhoghlaim daoine eile nó ar an phróiseas teagaisc
 - Is geall le bagairt shuntasach ar shábháilteacht agus ar leas daoine eile é an dalta bheith i láthair sa scoil ar bhonn leantach
 - Tá an dalta freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.
- (1.4) Sula gcuimhnítear ar rogha na díbeartha caithfidh údaráis scoile bheith sásta gur baineadh triail as gach féidearthacht eile chun iompar an dalta a athrú.

- (1.5) Is féidir le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan a chinneadh i gcomhairle leis an Phríomhoide, tuismitheoirí, múinteoirí agus daltaí go mbeadh díbirt ‘uathoibríoch’ ann de thoradh iompraíocht ainmnithe ar leith.
- (1.6) Is féidir go mbeidh cúinsí eisceachtúla ann ina gcinneann Bord Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan gur chóir dalta a dhíbirt ar a chéad chion. I measc na gceinálacha iompraíochta a bhféadfaí a mholadh go ndíbreofaí dalta mar gheall orthu as siocair sárú amháin ar an Chód Iompraíochta, d’áireofaí:
- Bagairt thromchúiseach foréigin in aghaidh dalta eile nó ball foirne
 - Foréigean iarbhír nó ionsaí fisiceach
 - Drugaí mídhleathacha a sholáthar do dhaltaí sa scoil
 - Ionsaí gnéasach

Fachtóirí le Breathnú sula moltar dalta a dhíbirt

- (2.1) Ba chóir do Bord Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan na fachtóirí a leanas a ghlacadh san áireamh sula smaoiníodh siad ar dhalta a dhíbirt:
- Cineál agus dáiríreacht an iompair
 - Comhthéacs an iompair
 - Éifeacht an iompair
 - Idirghabháil a triailleadh cheana féin chun iompar an dalta a athrú
 - Cé acu is freagra oiriúnach é an díbirt nó nach ea
 - Éifeacht fhéideartha na díbeartha
- (2.2) Níorbh fhóirsteanach an chéim í an díbirt dá leanann:
- Drochfheidhmíocht acadúil
 - Drochthinreamh nó moille
 - Mionsárúithe ar an Chód Iompraíochta

Nósanna Imeachta maidir le Díbirt

- (3.1) Déanfar fiosrúchán mionsonraithe faoi stiúir an Phríomhoide. Ba chóir don Phríomhoide a chinntiú nach bhfuil páirt ag duine ar bith san fhiosrúchán a raibh aon bhaint acu le dálaí an cháis.
- (3.2) Ba chóir don Phríomhoide a chur in iúl don dalta agus dá t(h)uismitheoirí faoi shonraí an tsáráithe líomhnaithe iompair, an dóigh a ndéanfar é a fhiosrú agus go bhféadfadh díbirt a theacht dá bharr. Caithfidh an Príomhoide a chinntiú go dtugtar gach deis don dalta agus do na tuismitheoirí freagra a thabhairt ar an ghearán go raibh mí-iompar tromchúiseach ann. Ba chóir don Phríomhoide é sin a chur in iúl i scríbhinn le cinntiú go mbíonn taifead buan ag tuismitheoirí gur cuireadh ar an eolas iad.
- (3.3) Ba chóir cruinniú a eagrú idir an dalta agus a dtuismitheoirí agus Príomhoide Ghaelscoil Lorgan sula gcuirtear smachtbhanna i bhfeidhm.
- (3.4) Dá dteipfeadh ar dhalta agus ar a dtuismitheoir(i) teacht chuig cruinniú ba chóir don Phríomhoide scríobh chucu a chur in iúl dóibh:
- Dáiríreacht an cháis
 - An tábhacht go ndéanfaí freastal ar athchruinniú
 - Mura n-éiríonn leis sin, an dualgas atá ar údaráis na scoile cinneadh a dhéanamh mar fhreagra ar an iompar mí-oiriúnach

- gach comhfhreagras a choinneáil ar taifead

- (3.5) Nuair a bhíonn barúil ag Príomhoide Ghaelscoil Lorgan bunaithe ar fhiosrúchán an mhí-iompair líomhnaithe, gur féidir go dtuilleann sé díbirt, déanfaidh an Príomhoide moladh don Bhord breathnú ar dhíbirt i leith an cháis.
- (3.6) Ba chóir don Phríomhoide:
- A chur in iúl don dalta agus do na tuismitheoirí i scríbhinn go bhfuiltear ag iarraidh ar an Bhord Bainistíochta breathnú ar dhíbirt.
 - A chinntiú go mbíonn taifid scríofa ag na tuismitheoirí (a) den líomhain, (b) den fhiosrúchán, (c) den fhógra scríofa ar na cúinsí faoina bhfuiltear ag iarraidh ar an Bhord Bainistíochta breathnú ar fhéidearthacht na díbeartha.
 - Na taifid chuimsitheacha chéanna a chur ar fáil don Bhord agus a thugtar don dalta agus do na tuismitheoirí.
 - A thabhairt le fios do na tuismitheoirí go luath dáta na héisteachta leis an Bhord Bainistíochta agus cuireadh a thabhairt dóibh teacht chuig an éisteacht sin.
 - Comhairle a chur ar thuismitheoirí gur féidir leo aighneacht scríofa agus ó bhéal a dhéanamh don Bhord Bainistíochta.
- (3.7) Tá sé de fhreagracht ar Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan athbhreithniú a dhéanamh ar an fhiosrúchán tosaigh agus bheith sásta ann féin gur tugadh faoin fhiosrúchán mar is ceart de réir nósanna imeachta cothroma.
- (3.8) Ba chóir don Bhord Bainistíochta a athbhreithniú féin a dhéanamh ar an cháipéisíocht ar fad agus ar thosca uilig an cháis.
- (3.9) Ba chóir don Bhord Bainistíochta a chinntiú nach bhfuil duine ar bith páirteach i bplé an Bhoird a raibh aon bhaint aige le dálaí an cháis.
- (3.10) Nuair a chinneann Bord Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan ar dhalta a dhíbirt caithfidh sé éisteacht a ghairm agus ba chóir an cruinniú sin a eagrú mar is ceart de réir nósanna imeachta an Bhoird.
- (3.11) Is féidir go ndéanfaí tuismitheoirí a thionlacan ag éisteacht an Bhoird ach, ós fóram tuata é, ní gnáthchleachtas é ionadaíocht dhlíthiúil bheith ann. Ba chóir a chur in iúl i scríbhinn do Rúnaí an Bhoird dhá lá roimh an chruinniú cé a bheas i láthair.
- (3.12) Ag tús an chruinnithe fiafróidh an Cathaoirleach cé acu atá coimhlint leasa ag aon bhall i leith na ceiste atá á breathnú ag an Bhord. Nuair a mheasann an Bord go bhfuil coimhlint leasa ann, tarraingeoidh an ball /na baill sin siar ón chruinniú.
- (3.13) Ag an éisteacht, cuireann an Príomhoide agus na tuismitheoirí a gcás faoi bhráid an Bhoird i láthair a chéile agus beidh siad ar fáil chun ceisteanna a fhreagairt ó Bhaill an Bhoird. Ba chóir cead a bheith ag gach páirtí cuid fianaise an pháirtí eile a cheistiú. Ba chóir ceisteanna a chur tríd an Chathaoirleach ag deireadh gach cuir i láthair.
- (3.14) Nuair a bhíonn a gcás déanta ag an Phríomhoide agus ag na Tuismitheoirí, tarraingeoidh siad siar ón chruinniú.

- (3.15) Má bhíonn comhairle ghairmiúil an Phríomhoide de dhíth ar an Bhord, is féidir iarraidh ar an Phríomhoide teacht ar ais chuig an chruinniú ar feadh tamall gairid chuige sin. Agus an Príomhoide i láthair, ní bheidh aon phlé ann ar thuillteanais an cháis atáthar a bhreathnú.
- (3.16) I rith na héisteachta caithfidh an Bord a chinntiú go mbíonn siad, agus go bhfeictear iad bheith, neamhchlaonta mar a bhaineann se leis an Phríomhoide agus leis an dalta. Is féidir gur mhaith le Tuismitheoirí go ndéanfaí iad a thionlacan ag éisteachtaí agus ba chóir don Bhord sin a éascú de réir dea-chleachtais agus nósanna imeachta Boird.
- (3.17) Nuair a bhíonn éisteacht tugtha don dá thaobh ba chóir don Bhord a chinntiú nach mbíonn an Príomhoide ná na Tuismitheoirí i láthair do phlé an Bhoird.

Plé agus gníomhartha an Bhoird Bhainistíochta i ndiaidh na héisteachta

- (4.1) Ar chluinstin ó na daoine go léir atá páirteach, tá sé de fhreagracht ar Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan cinneadh a dhéanamh cé acu atá bunús leis an líomhain nó nach bhfuil agus más í an díbirt an smachtbhanna is cuí.
- (4.2) Nuair a bhíonn an Bord Bainistíochta den tuairim, agus fíricí uilig an cháis breathnaithe acu, gur chóir an dalta a dhíbirt, caithfidh an Bord scéala a chur chuig an Oifigeach Leasa Oideachais (OLO) i scríbhinn faoina thuairim agus faoi na cúiseanna atá leis an tuairim sin de bhun Alt 24 (91) den Acht Oideachais (Leas), 2000. Ba chóir don Bhord tagairt do nósanna imeachta tuairiscithe an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais le haghaidh moltaí díbeartha.
- (4.3) Ní féidir an dalta a dhíbirt roimh imeacht 20 lá scoile ón dáta ar a bhfaigheann an tOifigeach Leasa Oideachais an fógra scríofa seo.
- (4.4) Ba chóir don Bhord Bainistíochta scéala scríofa a chur chuig na tuismitheoirí faoi chinneadh an phlé agus sa chás go bhfuil díbirt á mholadh acu, ba chóir a rá leis na tuismitheoirí go gcuirfidh an Bord Bainistíochta an tOifigeach Leasa Oideachais ar an eolas.

Comhairliúcháin a shocraíonn an tOifigeach Leasa Oideachais

- (5.1) Laistigh de 20 lá ón am a bhfaightear fógra ó Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan, déanfaidh an OLO gach iarracht fhéideartha comhairliúcháin ar leith bheith aige leis an Phríomhoide, na tuismitheoirí agus an dalta. Eagróidh an OLO cruinniú leis na páirtithe sin. Díreoidh na comhráite sin ar shocruithe ailtéarnacha oideachais don dalta.
- (5.2) Go dtí go mbíonn na comhairliúcháin sin thart is féidir go meafadh an Bord Bainistíochta go bhfuil sé iomchuí dalta a chur ar fionraí le linn an ama sin. Níor chóir smaoineamh air sin ach amháin nuair a mheastar go mbeadh láithreach leantach an dalta ar scoil ina chur isteach mór ar fhoghlaim daltaí eile nó ina riosca ar shábháilteacht agus ar shláinte daltaí nó baill foirne.

An Cinneadh ar Dhíbirt a dhearbhu

- (6.1) Nuair a bheidh an tréimhse 20 lá i ndiaidh fógra chuig an OLO istigh agus nuair atá an Bord Bainistíochta go fóill den bharúil gur chóir an dalta a dhíbirt, ba chóir do Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Lorgan an cinneadh ar dhíbirt a dhearbhu go foirmiúil.

- (6.2) Ba chóir a chur in iúl do thuismitheoirí láithreach go leanfar den díbirt anois. Caithfear a chur in iúl do Thuismitheoirí agus don dalta faoina gceart achomhairc chuig an Roinn Oideachais agus ba chóir an fhoirm chaighdeánach a thabhairt dóibh trína dtaiscfe an t-achomharc sin.

Achomhairc

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais, 1998, féadfaidh thuismitheoirí a dhéanamh chun Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta in aghaidh roinnt cinntí an Bhoird Bhainistíochta, lena n-áirítear (1) eisiamh buan ó scoil agus (2) fionraíocht ar feadh tréimhse a chiallódh go mbeadh tréimhse fionraíochta iomlán de 20 lá scoile nó níos mó in aon scoilbhliain amháin slánaithe ag dalta. Mar sin, cuirfidh Gaelscoil Lorgan thuismitheoirí ar an eolas faoin gceart achomhairc sin má shocraítear dalta a chur ar fionraí nó a eisiamh go buan ón scoil agus cuirfear ar an eolas fosta iad cá huair agus cén dóigh chun an achomharc a dhéanamh.

Faofa ag an Bhord Bainistíochta ar 10 Meitheamh 2010

Brendan Ó Dufaigh
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Rinneadh athbhreithniú ar an pholasáí ar 9 Aibreán 2013

Brendan Ó Dufaigh
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta